

BREIDIN CHAILLEACH NA NÁDHARC.

Fear a cuireadh faoi gheasa culaidh a fágáil dionnta i naon lá amhain dhen olann a bhí le bearradh le piocadh agul le ola a cur innte le sgaldh le cardáil le sníomh, le tochras le deilbh le cur ag an bfigeadóir le figeachán le glanadh le triomú agus le cabharnadh le cur ag an tailliúr leis an gculaidh a dheanamh.

D'ímtigh an fear ag seanfhear glic agus d'innis sé a chás dó . Chuir an seanfhear glic ag cailleach na n-adharc é agus d'innis sé an sgéal do chailleach na n-adharc. Dubhairt sí gurb í féin an bhean a bhí i ndon é sin a dheanamh go raibh fuireann dá cuid féin aice. D'ordaigh sí amach fear bearrtha na caorach, bean le na spíonadh, bean eile le na sgaldh bean le na cardáil bean le n-a sníomh bean le na thochras bean le n-a dheilbh figheadóir le n-a ffigeachán bean le n-a glanadh bean le n-a triomú bean le na cabharnadh (cornadh) agus táilliúr le n-a déanamh.

Bhí culaith ar a cholainn istigh i naon lá amháin.

14/10/1931.

Carnadh (fuaim= cabharnadh) An t-éadach a chasadh timcheall ar an maide é a chasadh, carnán a dheanamh dhe.

Sgealdh an chéad chardáil

Calóg Rolla olann ar an gcárta sa gcéad chardáil

Cárta card

Roileil Rolla san dárna cárdáil, cuirtear bealadh ar na calóga agus nuair a bhíos bealadh ortha carlaighthear arís iad. Sé an roileil a sníomhtar.